2026/1730

22.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1730 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5b(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an leibhéal comhchuibhithe is airde a áirithiú i measc na mBallstát maidir le forbairt Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, beidh na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na dtiachóg ag brath ar an obair a rinneadh ar bhonn Mholadh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún ([2]) agus go háirithe an creat ailtireachta agus tagartha. Ós rud é go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an gcreat ailtireachta agus tagartha ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 ón gCoimisiún ([3]), ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 a leasú anois chun é a ailíniú leis na caighdeáin, na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta nua. Thairis sin, chun idir-inoibritheacht a chothú idir cláir páirtithe is úsáideoirí tiachóige, forbraíodh na sonraíochtaí teicniúla ábhartha le haghaidh formáid choiteann agus comhéadan feidhmchláir le haghaidh faisnéis chlárúcháin páirtithe is úsáideoirí tiachóige i gcomhthéacs an chreata ailtireachta agus tagartha.

(2) I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, roghnaíodh roinnt caighdeán chun na ceanglais is infheidhme maidir le clárú páirtithe is úsáideoirí tiachóige a chomhlíonadh. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. I gcás inar gá, ba cheart na caighdeáin sin a oiriúnú nó a chomhlánú chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta a áirithiú i gclárú agus i sainaithint na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige, agus idir-inoibritheacht trasteorann agus feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh á n-éascú an tráth céanna. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, leis an Rialachán seo tugtar cothrom le dáta na caighdeáin theicniúla agus na ceanglais faisnéise is infheidhme lena rialaítear clárú an naisc idir idirghabhálaithe agus na páirtithe is úsáideoirí tiachóige a ngníomhaíonn siad thar a gceann agus comhchuibhítear próifílí na ndeimhnithe le haghaidh na ndeimhnithe a rialaítear faoin Rialachán seo.

(3) Chun é a chur ar a chumas don aonad tiachóige a bhailíochtú go bhfuil na sonraí arna n-iarraidh ag páirtí is úsáideoir tiachóige faoi raon feidhme na húsáide cláraithe atá beartaithe, ba cheart do sholáthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint ar bhealach uathoibrithe agus gan moill mhíchuí tar éis an chlárúcháin.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Moladh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir le Bosca Coiteann Uirlisí de chuid an Aontais le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (IO L 210, 14.6.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/946/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárú páirtithe is úsáideoirí tiachóige (IO L, 2025/848, 7.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/848/oj).

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile faoin Rialachán seo.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé tuairim uaidh an 17 Aibreán 2026 ([7]).

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2025/848 mar a leanas:

(1) In Airteagal 6(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) cruinneas, bailíocht, barántúlacht agus sláine na faisnéise a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn I, pointí 1 go 6 agus 11 go 16.';

(2) In Airteagal 6(3), scriostar pointe (c);

(3) In Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

'3a. Ní bhaileoidh cláraitheoirí an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointí 7 go 10 ar bhealach uathoibrithe ach amháin chun críche trédhearcachta agus, gan dochar do mhír 4 d'Airteagal 5b de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ní chuirfidh siad aon phróiseas réamhúdaraithe i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis sin.';

(4) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Údaróidh na Ballstáit údarás deimhniúcháin amháin ar a laghad chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh soláthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige na deimhnithe sin ar bhealach uathoibrithe agus gan moill mhíchuí tar éis an chlárúcháin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) é a chur de cheangal ar sholáthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige na deimhnithe sin a eisiúint go heisiach do pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige;

(b) a áirithiú go gcuirfear gach úsáid atá beartaithe in iúl sna deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige;

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) *EDPS Formal comments on the draft Implementing Regulation amending Implementing Regulation (EU) 2025/848 as regards applicable standards and specifications* [Barúlacha foirmiúla MECS maidir leis an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme]. | An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

(c) a áirithiú go n-áireofar i ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige beartas ginearálta rochtana, atá comhchuibhithe go comhréireach agus go séimeantach ar fud an Aontais, lena gcuirfear úsáideoirí ar an eolas nach bhfuil cead ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige ach na sonraí a shonraítear sna deimhnithe clárúcháin a iarraidh don úsáid atá beartaithe atá cláraithe sna deimhnithe clárúcháin;

(d) a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe réiteach tiachóige atá bunaithe sa Bhallstát sin an beartas ginearálta rochtana trí úsáideoirí a chur ar an eolas nuair a iarrann páirtí is úsáideoir tiachóige sonraí nach sonraítear sna deimhnithe clárúcháin;

(e) deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a chur chun feidhme ar bhealach atá comhchuibhithe go comhréireach agus go séimeantach agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(f) beartais thiomnaithe deimhnithe agus ráitis chleachtais deimhnithe a chur chun feidhme le haghaidh na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(g) a áirithiú go soláthróidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige URL chuig an mbeartas príobháideachais maidir leis an úsáid atá beartaithe.';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘16. I gcás inarb infheidhme, ceangal leis an bpáirtí is úsáideoir tiachóige atá ag brath ar an idirghabhálaí ar eisíodh an deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige dó agus atá ag gníomhú thar ceann an pháirtí is úsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige brath ar an tiachóg.’

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe (3), an chéad mhír, mar a leanas:

(a) Cuirtear an téacs ‘comhlíonfaidh siad, de réir mar is infheidhme, caighdeán ETSI TS 119 411-8 V1.1.1 (2025-10)’ in ionad an téacs ‘comhlíonfaidh siad ar a laghad, de réir mar is infheidhme, na ceanglais maidir le beartas deimhnithe normalaithe (‘NCP’) mar a shonraítear i gcaighdeán ETSI EN 319 411-1 leagan 1.4.1 (2023-10)’.

(2) leasaítear pointe 3(k) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc:

‘— an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointí 1, 2, 3, 5, 6, 7, (a), (b), (c) agus 16;’;

(b) cuirtear an ceathrú fleasc seo a leanas isteach:

‘— tagairt do chlár náisiúnta an pháirtí is úsáideoir tiachóige ina bhfuil an páirtí is úsáideoir cláraithe.’.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/848 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe (3), an chéad mhír, mar a leanas:

(a) Cuirtear an téacs 'comhlíonfaidh siad ETSI TS 119 475 V1.2.1 (2026-03)' in ionad an téacs 'comhlíonfaidh siad ar a laghad na ceanglais is infheidhme maidir le NCP mar a shonraítear i gcaighdeán ETSI EN 319 411-1 leagan 1.4.1 (2023-10)'.

(2) leasaítear pointe (3)(j) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fleasc:

'— beartas ginearálta rochtana dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(c) a chur san áireamh.'.